Antoine Ó Finneadha

# Teicneolaíocht Adhmaid

Is caibidil í seo sa leabhar ***Teicneolaíocht Adhmaid*** a fhoilseofar go luath.

© Foras na Gaeilge, 2026

Téacs © Antoine Ó Finneadha
Léaráidí © Antoine Ó Finneadha
Teimpléad deartha: Susan Meaney
Íomhánna eile: Shutterstock, Maxwell Photography

Gabhaimid buíochas leis an gCoiste Téarmaíochta as leaganacha údarásacha a sholáthar dúinn de roinnt téarmaí teicniúla.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

An Gúm

Caibidil 18

# Greamacháin

## Torthaí Foghlama

- **1.1, 1.2, 1.7, 1.8, 1.9, 1.10, 1.11**
- **2.1, 2.5, 2.7, 2.10, 2.14**
- **3.7, 3.9, 3,12**

## Téamaí na caibidle seo:

- Greamacháin éagsúla a aithint
- Cur síos a dhéanamh ar an áit a n-úsáidfí greamacháin
- Tuiscint a fháil ar airíonna na ngreamachán éagsúil agus greamacháin a chur i gcomparáid le chéile
- Greamacháin a úsáid go cuí agus go héifeachtúil i do chuid oibre

Is minic a úsáidtear greamacháin, gliú mar shampla, chun adhmad nó ábhair eile, e.g. plaisteach, miotal agus éadach, a nascadh le chéile. Tá go leor cineálacha greamachán ann a úsáidtear le haghaidh tascanna difriúla. San adhmadóireacht, is le haghaidh ailt a ghreamú le chéile nó le haghaidh lannú a dhéanamh is mó a úsáidtear na greamacháin.

Bíonn an-chumhacht i ngliú maith. Nuair a bhíonn an gliú triomaithe is gnách go mbíonn an nasc idir an t-adhmad agus an gliú níos láidre ná an t-adhmad féin. Go hiondúil, úsáidtear crampaí nó modhanna eile ceangail chun na píosaí adhmaid a choinneáil le chéile go dlúth a fhad is a bhíonn an greamachán ag cruachan. Cuidíonn sé seo leis an ngreamachán oibriú i gceart.




**18.1 Gliú á chur ar dualalt**

Bíonn go leor ceimiceán i gcuid de na greamacháin, e.g. san aicéatáit pholaivinile agus sa chianaicrioláit. Tá sé fíorthábhachtach, mar sin, lámhainní a chaitheamh chun do chraiceann a chosaint agus tú ag obair leis na greamacháin.

**greamachán** adhesive · **cruachan** harden / cure · **ceimiceán** chemical

## Turgnamh: Cá mbrisfidh an t-adhmad?


1. Nasc dhá dhromchla chothroma le chéile le gliú.
2. Lig don ghliú cruachan.
3. Buail an píosa adhmaid i gcoinne coirnéal géar le fórsa.
4. Cá mbrisfidh an t-adhmad?





## An Bealach a nOibríonn Greamacháin

Oibríonn greamacháin ar dhá bhealach nuair a bhíonn dromchlaí á ngreamú dá chéile – sainghreamú agus greamú meicniúil. Ag brath ar na dromchlaí atá á ngreamú dá chéile bíonn níos mó den sainghreamú nó níos mó den ghreamú meicniúil i gceist.

1. **An Sainghreamú**
   Sainghreamú a thugtar air nuair a tharraingíonn an fórsa móilíneach an gliú agus an dá dhromchla i dtreo a chéile. Bíonn sainghreamú i gceist go háirithe nuair is dhá dhromchla míne atá á ngreamú dá chéile.
2. **An Greamú Meicniúil**
   Greamú meicniúil a thugtar air nuair a théann an greamachán isteach i bpiocháin agus i scoilteanna an dá dhromchla atá á ngreamú dá chéile. Bíonn greamú meicniúil i gceist nuair nach dromchlaí míne iad an dá dhromchla atá á ngreamú dá chéile.




18.2 An tslí a oibríonn an greamachán




18.3 An greamú meicniúil

## Rangú na nGreamachán

### Inmheánach (INT)

Oireann na greamacháin seo do dhéantáin a bhíonn á n-úsáid in áiteanna tirime faoi dhíon. Má éiríonn siad fliuch nó tais, ní bheidh siad in ann feidhmiú i gceart. Níor cheart an cineál seo greamacháin a úsáid ar dhéantán a bheidh lasmuigh faoin aimsir mar ní thugann siad aon chosaint ar ionsaithe ó mhiocrorgánaigh ná ó fheithidí.

### Taisfhriotaíoch (MR)

Tá acmhainn mhaith ag na greamacháin seo ar aimsir fhliuch agus ar thaise. Tugann na ceimiceáin atá sa chineál seo greamacháin cosaint láidir do dhéantáin ar ionsaithe ó mhiocrorgánaigh chomh maith. Níl na greamacháin thaisfhriotaíocha ábalta uisce te a sheasamh i bhfad, áfach.

### Fiuchdhíonach (BR)

Tá acmhainn mhaith ag na greamacháin fhiuchdhíonacha ar uisce fiuchta. Is féidir leo uisce fuar a sheasamh ar feadh tamall fada chomh maith. Tugann an cineál seo greamacháin cosaint ar mhiocrorgánaigh agus ar fheithidí freisin.

### Síondíonach agus Fiuchdhíonach (WBP)

Greamacháin an-láidir is ea na greamacháin seo. Is iontach an acmhainn atá acu ar thaise, ar uisce fiuchta, ar ghal agus ar ionsaithe ó fheithidí. Úsáidtear go minic iad in áiteanna ina mbíonn an aimsir an-fhliuch.

## Coincheapa Úsáideacha

### An tSeilfré

Is é atá i gceist le seilfré ná an tréimhse ama ar féidir an greamachán a stóráil sula dtosaíonn sé ag imeacht ó mhaith. Tá sé cosúil leis an 'dáta ar fearr roimhe' a fheictear ar earraí grósaera. Chomh luath is a osclaítear an claibín ar an ngreamachán den chéad uair laghdaítear ar an tseilfré de bheagán. Má leantar moltaí an déantóra maidir leis an ngreamachán a stóráil, áfach, feidhmeoidh an greamachán i gceart go ceann i bhfad.

### An Ré Pota

Is é atá i gceist leis an ré pota ná an tréimhse ama atá agat leis an ngreamachán a úsáid tar éis duit an pota greamacháin a oscailt nó tar éis duit an greamachán a ullmhú. I gcás roinnt greamachán caithfear meascán a dhéanamh sula gcuirtear an greamachán ar an dromchla.

**turgnamh** experiment · **sainghreamú** specific adhesion
**greamú meicniúil** mechanical adhesion · **móilíneach** molecular · **piochán** pore

**miocrorgánach** micro-organism · **taisfhriotaíoch** moisture-resistant
**fiuchdhíonach** boilproof · **síondíonach agus fiuchdhíonach** weatherproof and boilproof
**seilfré** shelf life · **ré pota** pot life

### An tAga Cóimeála Ceangailte

Is é atá i gceist leis an aga cóimeála ceangailte ná an tréimhse ama atá agat chun na páirteanna a shocrú agus a ghreamú dá chéile sula dtosaíonn an greamachán ag cruachan. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat cén aga cóimeála ceangailte atá ag an ngreamachán a bhfuil tú ag obair leis chun go mbeidh a fhios agat cé mhéad nóiméad atá agat chun na páirteanna a shocrú mar is ceart. I gcás greamacháin chianaicrioláite agus greamacháin teagmhála, mar shampla, ní bhíonn ach cúpla soicind agat leis na páirteanna a shocrú de bhrí go gcruann an greamachán chomh tapa sin.

## Greamachán a Roghnú

Agus greamachán á roghnú agat, ní mór cuimhneamh ar na nithe seo a leanas:

1. **Airíonna an ghreamacháin**
   An laistigh nó lasmuigh a bheidh an déantán á úsáid agat? Más lasmuigh a bheidh an déantán á úsáid, is gá go mbeidh an greamachán in ann aimsir fhliuch, taise agus miocrorgánaigh a sheasamh.
2. **Ábhair**
   Is gá go mbeidh an greamachán oiriúnach do na hábhair a bheidh á ngreamú dá chéile agat. An ag greamú adhmad le hadhmad a bheidh tú, nó fabraic le hadhmad, nó plaisteach le plaisteach?
3. **Comhdhéanamh an ghreamacháin**
   Cén sórt ábhair a bhfuil an greamachán féin déanta as? An gcuirfidh an greamachán isteach ar d’ábhar? Cé na ceimiceáin atá sa ghreamachán? An ábhar tocsaineach é an greamachán?


# Cineálacha Greamachán

## Greamacháin Atá Déanta as Táirgí Nádúrtha

### Gliú Cáiséine

Déantar an gliú cáiséine as bainne bearrtha agus as ceimiceáin éagsúla. Gliú an-láidir is ea é agus tá sé uiscedhíonach. Is i bhfoirm púdair a cheannaítear an gliú cáiséine. Dath bán atá air. Chun an gliú seo a ullmhú lena úsáid, measctar an púdar le huisce i soitheach neamh-mhiotalach chun gliú tiubh bánbhuí a dhéanamh de. Ligtear dó seasamh ansin ar feadh idir 10 agus 20 nóiméad sula n-úsáidtear é. Féach Fíor 18.4.

Tá seilfré fhada ag an ngliú cáiséine agus seasann sé an taise agus an teas go maith. An t-aon mhíbhuntáiste a bhaineann leis ná go bhfuil ré pota ghairid aige agus ní mór a bheith cruinn agus tapa agus é á úsáid. Tá an gliú cáiséine oiriúnach i gcomhair adhmad a ghreamú de phlaisteach, de líonóil agus de phlástarchlár.




**18.4** Gliú cáiséine á ullmhú

### Gliú Ainmhíoch



**18.5** Gliú ainmhíoch

Is ó chnámha agus ó sheithí ainmhithe a dhéantar an gliú ainmhíoch. Cuirtear seithí agus cnámha ainmhithe isteach in uisce fiuchta agus úsáidtear an leacht a thagann uathu mar ghliú. Déantar glóthach den ghliú nuair a fhuarann sé. Ansin déantar an ghlóthach a thriomú go dtí go mbíonn sí crua.

Is ina phéarlaí nó ina leaca a cheannaítear an gliú ainmhíoch. Chun an gliú a úsáid, clúdaítear na péarlaí gliú le huisce agus ligtear dóibh seasamh thar oíche go ndéantar glóthach den ghliú arís. Ansin déantar an ghlóthach a théamh chun leacht a dhéanamh di. Is iondúil a úsáidtear pota gliú speisialta chun é seo a dhéanamh. Bíonn pota inmheánach agus pota seachtrach sa phota gliú seo. Cuirtear an gliú sa phota inmheánach agus cuirtear uisce sa phota seachtrach. Ar an mbealach sin ní rachaidh an gliú trí thine. Measctar an gliú go dtí go mbíonn an ghlóthach ar fad leáite. Má tá an gliú róthiubh, is féidir níos mó uisce a mheascadh leis.

**aga cóimeála ceangailte** closed assembly time
**airíonna** properties · **gliú cáiséine** casein glue
**uiscedhíonach** waterproof · **neamh-mhiotalach** non-metallic

**gliú ainmhíoch** animal glue · **seithe** (animal) hide · **glóthach** gel



Greamacháin

Ní greamachán praiticiúil é an gliú ainmhíoch don seomra teicneolaíocht adhmaid. Teastaíonn go leor ama chun é a ullmhú. Tá seilfré fhada aige ach ní gliú láidir é. Is minic a úsáidtear an gliú ainmhíoch, áfach, le haghaidh sean-veinírí a dheisiú agus le haghaidh seantroscán a dheisiú. Tugtar gliú Albanach agus gliú péarla ar an ngliú ainmhíoch chomh maith.


## Greamacháin Déanta as Táirgí Sintéiseacha

### Aicéatáit Pholaivinile (APV)

Is é an aicéatáit pholaivinile (APV) an gliú is coitianta a úsáidtear sa seomra teicneolaíocht adhmaid. Dath bán atá air ach bíonn sé trédhearcach nuair a thriomaíonn sé. Ciallaíonn sin nach mbíonn an gliú le feiceáil nuair a bhíonn an déantán críochnaithe. Is féidir éadach, leathar, adhmad agus ábhair eile a ghreamú leis an ngliú seo. Cuid de na gliúnna APV, tá siad uiscedhíonach. Gliú an-phraiticiúil is ea an gliú APV mar is féidir é a úsáid díreach ón mbuidéal. Cuirtear suas é le rollóir, le scuab nó le maide gliúála. Ní mór crampaí a úsáid nuair atá na píosaí adhmaid á ngreamú dá chéile agat leis an ngliú APV mar go dtógann sé cúpla uair an chloig air triomú.

### Roisín Eapocsach

Greamachán costasach is ea an roisín eapocsach ach tá sé thar a bheith láidir agus is éasca é a úsáid. Greamachán tocsaineach is ea é agus mar sin ní mór lámhainní a chaitheamh nuair atá sé in úsáid agat. Go hiondúil bíonn dhá pháirt i gceist leis an roisín eapocsach: an gliú agus an cruaiteoir. Féach Fíor 18.6. Caithfear an gliú agus an cruaiteoir a mheascadh le chéile chun an greamachán seo a úsáid. Greamachán maith is ea an roisín eapocsach chun ábhair neamhphóiriúla a ghreamú, e.g. gloine, miotal, plaisteach agus adhmad a bhfuil vearnais air.



18.6 Roisín eapocsach

### Gliú Formaildéad Úiré

Greamachán láidir is ea an formaildéad úiré. Agus an gliú seo á úsáid agat, ní mór lámhainní a chaitheamh chun do chraiceann a chosaint. Úsáidtear é sa lannú agus i dtáirgeadh cláir mhonaraithe. Ní ionsaíonn feithidí ná miocrorgánaigh é agus, mar sin, tá sé oiriúnach freisin i gcomhair déantáin a bheidh á n-úsáid lasmuigh.

**sintéiseach** synthetic · **aicéatáit pholaivinile (APV)** polyvinyl acetate (PVA)
**roisín eapocsach** epoxy resin · **tocsaineach** toxic · **cruaiteoir** hardener
**neamhphóiriúil** nonporous · **úiré-formaildéad** urea formaldehyde





### Sárghliú


Ainm eile air seo ná cianaicrioláit. Is féidir leis an ngliú seo go leor ábhair dhifriúla a nascadh dá chéile. Díoltar i mbuidéil bheaga é agus tá sé réasúnta costasach. Triomaíonn an sárghliú go han-tapa – taobh istigh de chúpla soicind go hiondúil. Is greamachán contúirteach é mar gur furasta do mhéara a ghreamú le chéile leis. Greamachán iontach is ea é le haghaidh píosaí beaga a ghreamú dá chéile.



18.7 Sárghliú

### Gunna Gliú Leictreach (Gliú Teirmeaplaisteach)

Is i bhfoirm bataí soladacha a cheannaítear an gliú teirmeaplaisteach. Úsáidtear an gunna gliú leictreach chun na bataí gliú sin a leá lena n-úsáid. Ansin úsáidtear an lasc thruicir ar an ngunna gliú chun an gliú a bhrú amach. Chomh luath agus a bhrúitear an gliú amach ó bhior an ghunna, fuaraíonn sé agus nascann sé leis an dromchla. Is féidir dathanna difriúla gliú teirmeaplaisteach a cheannach. Is é buí an dath is coitianta a úsáidtear le haghaidh obair adhmadóireachta. Uirlis an-úsáideach is ea an gunna gliú leictreach go háirithe i gcomhair obair ealaíne agus ceardaíochta.




18.8 Gunna gliú leictreach


**sárghliú** superglue · **cianaicrioláit** cyanoacrylate
**gliú teirmeaplaisteach** thermoplastic glue (hot-melt glue)
**lasc thruicir** trigger switch

## Greamacháin Rubarbhunacha

### Greamacháin Teagmhála

Tugtar greamacháin teagmhála ar ghreamacháin a dhéantar as rubar nádúrtha nó as rubar sintéiseach. Is greamacháin réasúnta maith iad na greamacháin teagmhála ach níl siad sách láidir le haghaidh ailt adhmadóireachta a nascadh le chéile. De ghnáth, úsáidtear iad le hábhair eile a nascadh, rubar, plaisteach agus miotal, mar shampla. Úsáidtear iad freisin don veiníriú. (Féach Caibidil 25.)

Is ón gcrann rubair a bhaintear an rubar nádúrtha (laitéis) chun greamacháin teagmhála a dhéanamh. Féach Fíor 18.10. Modh seanbhunaithe chun laitéis a bhaint ón gcrann rubair is ea an crann a bhearnú. Tá an modh seo fós in úsáid sna foraoisí trópaiceacha báistí. Ní chuireann an bearnú isteach ar na crainn, áfach, de bhrí nach gá na crainn rubair a leagan chun an laitéis a bhailiú.




18.9 Cainéal á chruthú don laitéis



18.10 Laitéis ag sileadh as crann rubair

Chun greamachán teagmhála a úsáid, cuirtear cóta éadrom den ghreamachán ar na dromchlaí atá le nascadh agus ligtear dó triomú ar feadh 5 – 30 nóiméad. Ansin cuirtear an dá dhromchla le chéile. Caithfear a bheith cúramach nuair a chuirtear na dromchlaí le chéile, agus cinnte a dhéanamh de go bhfuil siad socraithe go cruinn, de bhrí go nascann siad ar an toirt leis an ngreamachán teagmhála.

**rubarbhunach** rubber-based · **rubar** rubber
**greamachán teagmhála** contact / impact adhesive · **laitéis** latex






# Greamachán a Úsáid

## Crampaí

Úsáidtear crampaí agus modhanna eile ceangail chun déantán adhmaid a chóimeáil, is é sin chun na píosaí adhmaid a chur le chéile. Nuair atá an gliú curtha ar na píosaí adhmaid, is iondúil a úsáidtear crampaí chun na píosaí a choinneáil daingean fad is a bhíonn an gliú ag triomú. De ghnáth, cuirtear píosaí fuíolladhmaid idir na crampaí agus an déantán ionas nach ndéanfar damáiste don adhmad.

Tá cineálacha éagsúla crampaí ann. Oireann crampaí ar leith do dhéantáin agus d'ailt éagsúla. Tá sé tábhachtach freisin a chinntiú go bhfuil dóthain crampaí agat ionas go mbeidh tú in ann gach uile pháirt den déantán a chlampáil i gceart.




18.11 Saischrampaí á n-úsáid



18.12 Crampaí éagsúla


## Gliú a Úsáid

Úsáidtear an rollóir láimhe chun gliú a chur ar dhromchlaí móra adhmaid. Cuireann an rollóir an gliú ar an déantán go cothrom agus go tapa. Is minic a úsáidtear scuab nó maide gliúála i gcomhair gliú a chur ar dhromchlaí beaga nó ar ailt. Corruair, d'fhéadfadh sé a bheith ródheacair scuab ná maide gliúála a úsáid ar phíosa adhmaid atá fíorbheag. Réiteach amháin atá air sin ná seanscuab fiacla a úsáid. Féach Fíor 18.13 ar an gcéad leathanach eile. Uirlis an-bhunúsach ach an-éifeachtach is ea í. Is féidir greim maith a fháil ar mhuineál na scuaibe agus an gliú a chur ar an adhmad go cúramach.

Nuair a chuirtear an gliú ar an bpíosa adhmaid ba cheart go mbeifí in ann snáithe an adhmaid a fheiceáil. Mura mbíonn an snáithe le feiceáil, ciallaíonn sin go bhfuil an iomarca gliú ar an adhmad. Má chuirtear an iomarca gliú air, beidh sé deacair an gliú a ghlanadh de.

**crampa** cramp · **cóimeáil** assemble · **saischrampa** sash cramp

Ní mór a chinntiú gur cuireadh dóthain gliú ar na píosaí adhmaid agus gur cuireadh an gliú orthu go cothrom sula bhfáisctear leis na crampaí iad. Mura gcuirtear dóthain gliú ar an adhmad, beidh lochtanna sa déantán agus beidh sé deacair iad a chur i gceart.





18.13 Gliú á leathadh le scuab fiacla




18.14 Braoiníní gliú idir dhá chlár

## Alt a Ghreamú le Gliú

Sula gcuirtear an gliú ar phíosaí an ailt, ní mór a chinntiú go ngabhann píosaí an ailt ina chéile i gceart. Tá sé tábhachtach freisin go mbíonn na píosaí adhmaid dronuilleach lena chéile. Nuair a chuirtear crampaí ar an alt, is minic a bhogann píosaí an ailt. Mar sin, ní mór féachaint arís ar an déantán agus a chinntiú nár bhog aon phíosa adhmaid agus nach bhfuil na crampaí ag cur an déantán as an riocht. Féach Fíor 18.15. Tá an bacart á úsáid chun a chinntiú go bhfuil píosaí an ailt dronuilleach lena chéile.




18.15 Tá píosaí an ailt dronuilleach




18.16 Déantán beag sa bhís bhinse




Greamacháin

Ní gá crampaí a úsáid i gcónaí agus alt adhmadóireachta á ghreamú dá chéile le gliú. Is féidir an bhís bhinse a úsáid freisin má tá an déantán sách beag. Ní mór píosaí fuíolladhmaid a chur idir an bhís binse agus an déantán. Féach Fíor 18.16.

## Fráma a Ghreamú le Gliú

Ní mór dhá chóta gliú a chur ar phíosaí an mhítéarailt agus iad á ngreamú dá chéile. Tá dhá shnáithe cinn ag teacht le chéile sa mhítéarailt agus súann an snáithe cinn isteach an gliú mar a bheadh spúinse ann. Ligtear don chéad chóta gliú triomú ar feadh nóiméid nó dhó ionas go rachaidh an gliú isteach i snáithe an adhmaid. Cuirtear an dara cóta gliú ar an adhmad ansin. Is é an dara cóta gliú a ghreamaíonn an dá phíosa adhmaid sa mhítéaralt dá chéile.

Bíonn frámaí áirithe deacair a chlampáil. In amanna, is gá fuíolladhmad a úsáid chun tacaíocht sa bhreis a thabhairt do phíosaí an ailt. Féach Fíor 18.17. Is minic a dhéantar é seo nuair a chuirtear crampaí ar chosa bord nó ar chosa cathaoireacha chomh maith chun nach mbogann siad. Cuirtear fuíolladhmad idir na cosa ionas nach bhfillfidh siad isteach. Gearrtar an píosa fuíolladhmaid ar an bhfad céanna atá idir an dhá chos.




18.17 Fráma á ghreamú



18.18 Mítéarchrampa


Is féidir mítéarchrampaí a úsáid chun na mítéarailt i bhfráma a choinneáil dronuilleach a fhad is a bhíonn an gliú á thriomú. Is éasca an mítéarchrampa a úsáid agus tá siad an-éifeachtach. Cuirtear cúinní an fhráma isteach sna mítéarchrampaí, fáisctear na crampaí leis na scriúnna agus coinníonn na crampaí an déantán socair go dtriomóidh an gliú.

## Gliú a Ghlanadh

Is iomaí bealach atá ann le gliú a ghlanadh d'adhmad. Ní mór é a ghlanadh go cúramach, áfach, sa chaoi nach ndéanfar damáiste don déantán. Má thriomaíonn an gliú i gcoirnéal géar nó i spás cúng, mar shampla, is próiseas fada agus deacair é an gliú sin a bhaint den adhmad.

Ceann de na bealaí is éasca le gliú a bhaint d'adhmad ná éadach tais a úsáid. Cuimlítear an t-éadach feadh líne an ghliú agus greamaíonn an gliú den éadach tais. Ní mór a bheith cúramach agus é seo á dhéanamh, áfach. Má bhíonn an t-éadach rófhliuch d'fhéadfadh go bhfliuchfaí codanna den adhmad nach raibh gliú orthu. D'fhéadfadh freisin go scaipfeadh an gliú chuig codanna den adhmad nach raibh gliú orthu.

Modh eile atá an-éifeachtach le haghaidh gliú a bhaint d'adhmad ná ligean don ghliú triomú ar feadh 10 nóiméad sula mbaintear den adhmad é. Nuair a fhágtar an gliú ar feadh cúpla nóiméad, tagann screamh air agus éiríonn sé rubarúil. Is féidir scian, siséal nó scríobaire (e.g. scríobaire caibinéid) a úsáid ansin chun an gliú triomaithe a bhaint den adhmad. Is féidir an scrábphlána a úsáid chun gliú a bhaint de phíosaí móra adhmaid, e.g. cláir boird.




**18.19 Gliú a ghlanadh de dhéantán**



**18.20 Scríobaire caibinéid**

Má tá an dromchla le greanáil úsáidtear an scríobaire ar dtús chun an gliú a bhaint. Ansin déantar an dromchla a ghreanáil leis an bpáipéar gainimh. Is fearr an scríobaire a úsáid chun an gliú a bhaint. Dá n-úsáidfí an páipéar gainimh leis an ngliú a bhaint bheadh i bhfad níos mó dusta á chruthú. Chomh maith leis sin d'éireodh an páipéar gainimh caite níos tapúla agus bheadh gráinníní gliú á ngreamú ann.

Greamacháin

# Cairt na nGreamachán

Féach an chairt ar leathanach 14 - 15. Treoir ghinearálta is ea an chairt seo chun greamacháin a roghnú. Is féidir greamachán a roghnú go héasca agus go tapa ach sracfhéachaint a thabhairt ar an gcairt. Ní mór, áfach, na treoracha ar an bpota nó ar an tiúb greamacháin a sheiceáil lena chinntiú gurb é an greamachán ceart é don obair. Is fiú chomh maith an greamachán a thástáil sula socróidh tú cén greamachán a úsáidfidh tú.

### Úsáid na Cairte: Sampla

Cén greamachán a úsáidtear chun mealaimín a ghreamú de mhealaimín?

- Féach an ró a bhfuil 'mealaimín' air sa cholún ar chlé.
- Ansin, féach an colún a bhfuil 'mealaimín' air sa ró ar bharr.
- Lean an ró agus an colún go dtí go dtrasnaíonn siad ar a chéile.
- Tá 'greamachán teagmhála' sa bhosca sin.

Greamachán teagmhála is ea an greamachán a mholtar.



| Ábhar | Adhmad | Aicrileach | Cairtchlár | Mealaimín |
|---|---|---|---|---|
| **Adhmad** | APV | Róisín Eapocsach | APV | Greamachán Teagmhála |
| **Aicrileach** | Róisín Eapocsach | Róisín Eapocsach | Róisín Eapocsach | Greamachán Teagmhála |
| **Cairtchlár** | APV | Róisín Eapocsach | Róisín Eapocsach<br>Sárghliú | Greamachán Teagmhála |
| **Mealaimín** | Greamachán Teagmhála | Greamachán Teagmhála | Greamachán Teagmhála | Greamachán Teagmhála |
| **Miotal** | Róisín Eapocsach | Róisín Eapocsach | Greamachán Teagmhála | Greamachán Teagmhála |
| **Páipéar** | APV | Greamachán Teagmhála | Sárghliú<br>APV | Greamachán Teagmhála |
| **Polaistiréin** | APV | APV | APV | APV |
| **Rubar** | Greamachán Teagmhála | Greamachán Teagmhála | Greamachán Teagmhála | Greamachán Teagmhála |



Greamacháin

| Ábhar | Miotal | Páipéar | Polaistiréin | Rubar |
|---|---|---|---|---|
| **Adhmad** | Róisín Eapocsach | APV | APV | Greamachán Teagmhála |
| **Aicrileach** | Róisín Eapocsach | Greamachán Teagmhála | APV | Greamachán Teagmhála |
| **Cairtchlár** | Greamachán Teagmhála | Sárghliú<br>APV | APV | Greamachán Teagmhála |
| **Mealaimín** | Greamachán Teagmhála | Greamachán Teagmhála | APV | Greamachán Teagmhála |
| **Miotal** | Róisín Eapocsach | Greamachán Teagmhála | APV | Greamachán Teagmhála |
| **Páipéar** | Greamachán Teagmhála | N/bh | APV | Greamachán Teagmhála |
| **Polaistiréin** | APV | APV | APV | APV |
| **Rubar** | Greamachán Teagmhála | Greamachán Teagmhála | APV | Greamachán Teagmhála |